



An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14648/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0318 (NLE)

FISC 355
ECOFIN 1331

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 556 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2021/1778 (AE) a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an údarú don Ghearmáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 556 final.

Faoi iamh: COM(2026) 556 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2026
COM(2026) 556 final

2026/0318 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2021/1778 (AE) a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an údarú don Ghearmáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun na chéad fhomhíre d’Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha¹ (dá ngairtear ‘an Treoir maidir le CBL’ anseo feasta), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d’aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 31 Márta 2026, d’iarr an Ghearmáin údarú chun leanúint de chuir i bhfeidhm an bhirt speisialta maidir leis an duine atá faoi dhliteanas CBL a íoc i gcás aistriú lamháltas astaíochtaí a thrádáiltear sa chóras náisiúnta faoin Acht um Thrádáil Lamháltas Astaíochtaí Breosla (Brennstoffemissionshandelsgesetz (BEHG)) an 12 Nollaig 2019, trí shíneadh a chur arís le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta arna dheonú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021², arna shíneadh den chéad uair go dtí an 31 Nollaig 2026 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2680 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024³.

I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 21 Lúnasa 2026 maidir leis an iarraidh a rinne an Ghearmáin. Le litir dar dáta an 25 Lúnasa 2026, thug an Coimisiún fógra don Ghearmáin go raibh an fhaisnéis uile is gá aige, dar leis, chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspoirí an togra

Sonraítear in Airteagal 193 den Treoir maidir le CBL gurb é an duine inchánach, mar riail ghinearálta, a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí atá faoi dhliteanas CBL a íoc.

De bhun na chéad fhomhíre d’Airteagal 395(1) den Treoir maidir le CBL, féadfaidh na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach maidir le CBL chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála agus seachanta cánach a chosc má rinne an Chomhairle iad a údarú.

Fuair an Ghearmáin maolú in 2021 chun daoine inchánach, dá soláthraítear lamháltais astaíochtaí faoi BEHG, a ainmniú mar dhaoine inchánach atá faoi dhliteanas i leith CBL a íoc (an ‘sásra aistrithe táillí’, mar a thugtar air). Cuireadh síneadh leis an maolú sin, a bhí le dul in éag an 31 Nollaig 2024, in 2024 go dtí an 31 Nollaig 2026.

Le Treoir 2003/87/CE⁴, rialaítear an scéim um lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil ar leibhéal an Aontais (CTA AE) ach ní chuirtear cosc léi ar na Ballstáit a gcóras

¹ IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

² Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 lena n-údaítear do Phoblacht na Gearmáine beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 360, 11.10.2021, lgh. 117-119).

³ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2680 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 lena n-údaítear don Ghearmáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm lena maolaítear ó Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 2024/2680, 11.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_imp/2024/2680/oj)

⁴ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena

trádála náisiúnta féin a choinneáil ar bun an tráth céanna. Faoi BEHG, chruthaigh an Ghearmáin creat dlíthiúil le haghaidh córas náisiúnta trádála astaíochtaí d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí iontaise, ar astaíochtaí iad nach dtagann faoi CTA AE. Sa chomhthéacs sin, thug an Ghearmáin le fios, fiú tar éis CTA2 AE a thabhairt isteach, lena gcumhdófar astaíochtaí ó dhóchán breosla i bhfoirgnimh, in iompar de bhóthar agus in earnálacha breise eile, go leanfaidh BEHG de bheith ag oibriú ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh méideanna astaíochtaí atá fágtha sa chóras náisiúnta nach gcumhdaítear le CTA2 AE.

Is léir ón taithí a fuarthas ar thrádáil lamháltas astaíochtaí go bhfuil an earnáil sin an-leochaileach i leith calaois CBL toisc gur féidir lamháltais a mhalartú go héasca agus go tapa. Ar an gcúis sin, foráiltear in Airteagal 199a(1) den Treoir maidir le CBL go bhféadfar an sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm i ndáil le lamháltais a aistriú chun gáis ceaptha teasa a astú faoi chóras CTA AE; Baineann an Ghearmáin úsáid as an bhféidearthacht sin faoi láthair. Ar an gcaoi chéanna, agus mar a luadh, cuireann an Ghearmáin an sásra aistrithe táillí i bhfeidhm i ndáil lena córas trádála náisiúnta.

Faoin sásra aistrithe táillí, ní mhuirearaítear CBL iarbhrí ach tugann an cliant gnó cuntas air ina thuairisceán CBL féin (agus asbhaintear í ina dhiaidh sin). Seachnaítear leis sin scéim an 'trádálaí ar iarraidh' trína n-ímíonn an soláthróir leis an méid CBL a fuarthas ach trína bhfuil sonrasc ag an gcliant gnó lena gceadaítear dó an CBL a íocadh leis an soláthróir sin a asbhaint.

Mar a fhoráiltear le hAirteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 ón gComhairle, thíolaic an Ghearmáin tuarascáil maidir leis an athbhreithniú ar an mbeart, mar aon leis an iarraidh ar shíneadh. De réir údaráis na Gearmáine, chuidigh an beart speisialta le himghabháil agus seachaint cánach a chosc san earnáil náisiúnta maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí agus meastar gur páirt ríthábhachtach é den chomhrac in aghaidh na calaoise.

I bhfianaise na cosúlachta agus an chomhleanúnachais le cur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí i ndáil le córas CTA AE, is iomchuí údarú a thabhairt don Ghearmáin leanúint den bheart maolaithe a chur i bhfeidhm, faoi choinníollacha comhchosúla, go ceann tréimhse theoranta eile. Leis sin, ba cheart a bheith in ann measúnú leanúnach rialta a dhéanamh ar an mbeart maolaithe sin i bhfianaise forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo i réimse CTA AE, BEHG nó reachtaíocht CBL an Aontais maidir leis an bpointe sin.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le hAirteagail 199a(1)(a) agus (b) den Treoir maidir le CBL, ceadaítear do na Ballstáit an nós imeachta aistrithe táillí a chur i bhfeidhm maidir le haistriú lamháltas chun gáis ceaptha teasa a astú, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Threoir 2003/87/CE, agus maidir le haistriú aonad eile a fhéadfaidh oibreoirí a úsáid chun an Treoir chéanna a chomhlíonadh.

An síneadh le beart speisialta lena gceadaítear an nós imeachta aistrithe táillí a chur i bhfeidhm maidir le tarchur lamháltas a thagraíonn d'astaíochtaí nach dtagann faoi CTA AE a rialaítear leis an Treoir thuasluaite, tá sé, dá bhrí sin, ailínithe agus comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana.

Mar sin féin, ní mór a thabhairt faoi deara go rachaidh Airteagail 199a agus 199b den Treoir maidir le CBL in éag an 31 Nollaig 2026. Sa chomhthéacs sin, d'fhógair an Coimisiún go

leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lgh. 32–46, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj>).

raibh sé ar intinn aige síneadh breise a chur leis na hairteagail sin. Ina theannta sin, ó mhí Iúil 2030, tiocfaidh na ‘Ceanglais maidir le Tuairisciú Digiteach’, mar a thugtar orthu, i bhfeidhm mar chuid den phacáiste CBL sa Ré Dhigiteach⁵. Faoi na Ceanglais maidir le Tuairisciú Digiteach sin, ceanglófar le gach idirbheart trasteorann de chuid an Aontais, faoi mhí Iúil 2030, go ndéanfaidh gnólachtaí tuairisciú digiteach neas-fhíorama ar bhonn ríomhshonraisc struchtúrtha an Aontais a chomhcheanglófar le hoibleagáidí tuairiscithe idirbheart digiteach fíor-ama náisiúnta na mBallstát atá ann cheana, nó a thabharfar isteach go luath, ar bhonn ríomhshonrascadh náisiúnta. Leis na sonraí idirbheartaíochta sin, a mbeidh rochtain ag na húdaráis orthu, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise. I bhfianaise an mhéid sin, ní mór athmheasúnú a dhéanamh in 2030 féachaint an mbeadh gá fós le beart sonrach, amhail an sásra aistrithe táillí. Dá bhrí sin, tá sé loighciúil agus comhsheasmhach síneadh a chur leis an mbeart maolaithe d’earnáil trádála astaíochtaí náisiúnta na Gearmáine ar feadh na tréimhse céanna dá bhforáiltear.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• An bunús dlí

Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, den Treoir CBL.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

I bhfianaise na forála sa Treoir maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

• Comhréireacht

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát arna iarraidh sin dó féin agus níl aon oibleagáid ann.

I bhfianaise raon feidhme teoranta an mhaolaithe, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. an imghabháil cánach a chomhrac. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na haidhmeanna sin a chomhlíonadh.

• An rogha ionstraime

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin é an ionstraim atá beartaithe.

Faoi n-gead fhomhír d’ Airteagal 395(1) den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar na rialacha coiteanna CBL a dhéanamh ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d’aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin é an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir é a dhíriú chuig Ballstát aonair.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara. Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Ghearmáin agus is leis an mBallstát áirithe sin amháin a bhaineann sé.

⁵ Féach: [CBL sa Ré Dhigiteach - Cánachas agus an tAontas Custaim](#)

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Tá sé d'aidhm ag an togra ar Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle leanúint de chosc a chur le cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach in earnáil náisiúnta na Gearmáine de lamháltais astaíochtaí, ar earnáil í atá an-leochaileach i leith calaois CBL.

Thuaiscigh an Ghearmáin gur cláraíodh 2 290 duine a bhfuil cuntais trádála acu le hÚdarás Trádála Astaíochtaí na Gearmáine in 2025, a raibh 2 249 díobh ina gcónaí sa Ghearmáin agus laistigh de raon feidhme an bhirt maolaithe speisialta. Thairis sin, thuairiscigh an Ghearmáin nár dearbhaíodh aon chás imghabhála CBL le linn na tréimhse ábhartha mar gheall ar an mbeart speisialta i dtrádáil náisiúnta na lamháltas astaíochtaí.

Dá bhrí sin, is dócha go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag an mbeart speisialta.

Ina theannta sin, de bharr raon feidhme cúng an bhirt speisialta agus de bharr na teorann ama ar a chur i bhfeidhm, beidh tionchar an bhirt teoranta.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleacht dhiúltach ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

Áirítear sa togra clásal éagtha atá socraithe i gcomhair an 30 Meitheamh 2030.

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2021/1778 (AE) a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an údarú don Ghearmáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha⁶, agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 ón gComhairle⁷, arna shíneadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2680 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024⁸, údaraíodh don Ghearmáin beart speisialta a chur i bhfeidhm, go dtí an 31 Nollaig 2026, de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE chun úsáid a bhaint as an ‘sásra aistrithe táillí’, mar a thugtar air, le haghaidh aistrithe lamháltas astaíochtaí faoin Acht um Thrádáil Astaíochtaí Breoslaí (BEHG). Faoin sásra sin, beidh an duine a fhaigheann aistrithe lamháltas astaíochtaí faoi dhliteanas CBL a íoc in ionad an tsoláthróra (‘an beart speisialta’).
- (2) Le litir cláraíodh leis an gCoimisiún an 31 Márta 2026, d’iarr an Ghearmáin síneadh ar an mbeart speisialta a deonaíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 agus, ar an gcaoi sin, údarú a iarraidh chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2026 (‘an iarraidh’).
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fhomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh chuig na Ballstáit eile le litreacha dar dáta an 21 Lúnasa 2026 agus, le litir dar dáta an 25 Lúnasa 2026, thug sé fógra don Ghearmáin go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.
- (4) De réir na faisnéise a chuir an Ghearmáin ar fáil ina hiarraidh, níor tháinig aon athrú ar an staid fhíorasach a thug údar leis an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm. In éineacht leis an iarraidh, chuir an Ghearmáin tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, ina

⁶ IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

⁷ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 ón gComhairle lena n-údaraítear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 360, 11.10.2021, lch. 117, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1778/oj).

⁸ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2680 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 lena n-údaraítear don Ghearmáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm lena maolaítear ó Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 2024/2680, 11.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2680/oj)

ndearnadh athbhreithniú ar an taithí phraiticiúil a fuarthas, agus ina léirítear gur beart éifeachtach é an sásra aistrithe táillí a úsáid i ndáil le lamháltas astaíochtaí a aistriú faoi BEHG agus gur rannchuidigh sé le calaois chánach a chomhrac.

- (5) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an údarú a dheonaítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778. Mar sin féin, ba cheart síneadh an údaraithe a theorannú agus a nascadh le húsáid an tsásra aistrithe táillí a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le, i measc earnálacha eile, scéim an Aontais um lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil (CTA) mar a leagtar síos in Airteagal 199a(1)(a) agus (b) de Threoir 2006/112/CE chomh maith le teacht i bhfeidhm na gCeanglas maidir le Tuairisciú Digiteach, mar chuid den phacáiste CBL sa Ré Dhigiteach⁹ an 1 Iúil 2030. Leis sin, ba cheart go mbeifí in ann measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus oiriúnacht an bhirt speisialta i bhfianaise meastóireacht fhoriomlán ar an sásra aistrithe táillí sa trádáil astaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.
- (6) Ní bheidh aon drochthionchar ag an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.
- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 a leasú dá réir,
- TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778:

‘Airteagal 2

Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 30 Meitheamh 2030.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a dtabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Is chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a dhírítear an Cinneadh seo.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

⁹ Féach: [CBL sa Ré Dhigiteach - Cánachas agus an tAontas Custaim](#)